2025/657

31.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/657 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Márta 2025

lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht an tríú tráthchuid den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin ('an tSaoráid') cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 38 270 000 000 ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024–2027 i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus iasachtaí. Déantar maoiniú faoi cholún I a leithdháileadh go príomha ar bhonn Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin ('an Plean'). Leagtar amach sa Phlean an clár oibre athchóirithe agus infheistíochta don Úcráin, agus na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha leis an gcistiú faoi cholún I den tSaoráid.

(2) De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/792, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ([2]) maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bPlean. Leagtar amach an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean agus chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha leis an gcistiú faoi Cholún I den tSaoráid, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Is é EUR 32 270 000 000 an méid foriomlán acmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil don Phlean faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, méid a bhfuil EUR 5 270 000 000 de i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus suas le EUR 27 000 000 000 de i bhfoirm iasachta.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil, agus eisíocadh EUR 1 890 000 000 leis an Úcráin i bhfoirm réamh-mhaoiniúcháin, ar réamhíocaíocht 7 % é den tacaíocht iasachta atá an Úcráin incháilithe a fháil faoin bPlean.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 8 221 521 428 leis an Úcráin sa chéad dá thráthchuid faoin bPlean, as ar eisíocadh EUR 3 000 000 000 i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus eisíocadh EUR 5 221 521 428 i bhfoirm iasachtaí. I gcomhréir leis an gComhaontú Iasachta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792, úsáideadh méid EUR 393 017 742 ón gcéad dá thráthchuid chun réamh-mhaoiniú na hiasachta a imréiteach.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/792, an 15 Eanáir 2025, rinne an Úcráin iarraidh a bhfuil bonn cirt cuí léi a chur isteach ar íocaíocht an tríú tráthchuid den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta, méid dar luach EUR 3 717 741 935, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447. Bhí sraith doiciméad ag gabháil leis an iarraidh, lenar léiríodh comhlíonadh sásúil na gcéimeanna ábhartha, chomh maith leis na doiciméid ar fad eile a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Chreat-Chomhaontú, Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin, de bhun Airteagail 9, 10 agus 22, faoi seach, de Rialachán (AE) 2024/792.

(7) I gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, in éineacht lena hiarraidh ar íocaíocht, chuir an Úcráin fianaise ar fáil lenar léiríodh comhlíonadh sásúil na 13 chéim a bhí dlite faoin gceathrú ráithe de 2024. Baineann na 13 chéim sin le hathchóirithe éagsúla a leagtar amach sa Phlean faoi na caibidlí maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí, an córas breithiúnach, bainistíocht sócmhainní poiblí, caipiteal daonna, an timpeallacht ghnó, dílárú agus beartas réigiúnach, an earnáil fuinnimh, an t-iompar, an earnáil agraibhia, agus bainistíocht amhábhar criticiúil. Tá reachtaíocht tagtha i bhfeidhm maidir le feabhas a chur ar an gcóras um dhócmhainneacht, maidir le

([1]) IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

neamhspleáchas Choimisiún Rialála Náisiúnta na hÚcráine um Fhóntais Fuinneamh a áirithiú, maidir le clár talúntais an stáit agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gclár náisiúnta chun an bonn acmhainní mianracha a fhorbairt. Tá an beartas úinéireachta stáit glactha agus tá triáiseáil na bhfiontar faoi úinéireacht stáit curtha i gcrích. Tá straitéisí glactha chun institiúidí sícinéareolaíocha agus institiúidí cónaithe eile a athchóiriú agus chun cúram le haghaidh daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus leanaí a dhí-institiúidiú. Tá an méid seo a leanas glactha ag an Úcráin freisin: rúin maidir le bearta faireachais margaidh a atosú agus táirgí neamhbhia a rialú; rúin chun pleanáil uirbeach a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil; straitéis iompair náisiúnta athbhreithnithe na hÚcráine; an straitéis chun bonneagar teorann le Ballstáit an Aontais agus le Poblacht na Moldóive a fhorbairt agus a leathnú; agus an straitéis maidir le talmhaíocht agus forbairt tuaithe. Tá creat margadhbhunaithe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite tugtha isteach.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar iarraidh na hÚcráine agus rinne sé measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil na 13 chéim cháilíochtúla agus chainníochtúla le haghaidh an tríú tráthchuid, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Rinneadh an measúnú dearfach sin i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phlean. Éascófar tuilleadh ailínithe le *acquis* an Aontais trí phróiseas aontachais an Aontais.

(9) De réir mheasúnú an Choimisiúin, tá an réamhchoinníoll maidir le tacaíocht ón Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792 á chomhlíonadh ag an Úcráin fós. Go sonrach, tá an Úcráin ag leanúint de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus d'urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart a bhunú leis an gCinneadh seo gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha ábhartha i dtaca le híocaíocht an tríú tráthchuid faoin bPlean.

(11) I bhfianaise na staide fioscaí deacra atá roimh an Úcráin, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. I bhfianaise phráinn na staide agus d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunaítear leis seo comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha i dtaca le híocaíocht an tríú tráthchuid dar luach EUR 3 717 741 935 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 i gcomhréir leis an measúnú, arna sholáthar ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

IARSCRÍBHINN

Measúnú ar chomhlíonadh sásúil na gcéimeanna a bhaineann leis an tríú tráthchuid de Phlean na hÚcráine

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

An 15 Eanáir 2025 thíolaic an Úcráin iarraidh ar íocaíocht an tríú tráthchuid de Phlean na hÚcráine, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([1]). Chun tacú leis an iarraidh ar íocaíocht, rinne an Úcráin údar a sholáthar gur comhlíonadh go sásúil gach ceann de na 13 chéim mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún) ([2]).

Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an Úcráin, meastar gur comhlíonadh gach ceann de na 13 chéim go sásúil.

Mar chuid de chaibidil C.2 maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí, glacadh an plean straitéiseach chun an tseirbhís cánach stáit a dhigiteáil. Mar chuid de chaibidil C.3 maidir leis an gcóras breithiúnach, tháinig reachtaíocht maidir le feabhas a chur ar an gcóras um dhócmhainneacht i bhfeidhm. Mar chuid de chaibidil C.6 maidir le bainistíocht acmhainní poiblí, glacadh an beartas úinéireachta stáit agus cuireadh triáiseáil na bhfiontar faoi úinéireacht stáit i gcrích. Mar chuid de chaibidil C.7 maidir le caipiteal daonna, glacadh an straitéis chun institiúidí sícinéareolaíocha agus institiúidí cónaithe eile a athchóiriú, mar aon leis an straitéis chun cúram le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta a dhí-institiúidiú; agus an straitéis um leanaí. Mar chuid de chaibidil C.8 maidir leis an timpeallacht ghnó, glacadh an rún chun bearta faireachais margaidh a atosú agus chun táirgí neamhbhia a rialú. Mar chuid de chaibidil C.9 maidir le dílárú agus beartais réigiúnacha, glacadh na rúin maidir le forbairt pleanála uirbí ar an leibhéal áitiúil. Mar chuid de chaibidil C.10 maidir le fuinneamh, tugadh isteach creat margadhbhunaithe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, agus tháinig an reachtaíocht i bhfeidhm chun neamhspleáchas an Choimisiúin Rialála Náisiúnta um Fhóntais Fuinnimh a áirithiú. Mar chuid de chaibidil C.11 maidir leis an iompar, glacadh an straitéis iompair náisiúnta athbhreithnithe agus glacadh an straitéis chun an bonneagar teorann le Ballstáit an Aontais agus le Poblacht na Moldóive a fhorbairt agus a leathnú. Mar chuid de chaibidil C.12 maidir leis an earnáil agraibhia, glacadh an straitéis maidir le talmhaíocht agus forbairt tuaithe agus tháinig an reachtaíocht maidir le Clár Talúntais an Stáit i bhfeidhm. Mar chuid de chaibidil C.13 maidir le bainistíocht amhábhar criticiúil, tháinig an reachtaíocht i bhfeidhm lena ndéantar athbhreithniú ar an gclár náisiúnta chun an bonn acmhainní mianracha a fhorbairt.

Céim 2.1

Ainm na céime: Glacadh an phlean straitéisigh um dhigitiú Sheirbhís Cánach an Stáit
Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Bainistiú feabhsaithe ioncaim
Arna maoiniú le: iasachtaí
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 2.1 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'An plean straitéiseach um fhorbairt dhigiteach, um chlaochlú digiteach agus um dhigitiú Sheirbhís Cánach Stáit na hÚcráine a ghlacadh, i gcomhréir le moltaí na Straitéise Náisiúnta Ioncaim le haghaidh 2024–2030.'* Is é Céim 2.1 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 2 (bainistíocht airgeadais phoiblí). Is é Céim 2.2 (mar atá, glacadh an phlean straitéisigh chun an tseirbhís custaim stáit a dhigiteáil) a tháinig roimpi, céim a ndearnadh measúnú dearfach uirthi in R2 2024.

([1]) Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj). Tá an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle le fáil ag: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-9492-2024-ADD-1/ga/pdf.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

1. doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

2. cóip d'Ordú Uimh. 660 ón Aireacht Airgeadais 'Maidir le cur chun feidhme an Chinnidh ón gCoiste um Bainistíocht Teicneolaíochta Faisnéise sa Chóras Bainistíochta Airgeadais Phoiblí', dar dáta an 24 Nollaig 2024;

3. cóip den 'Phlean straitéiseach maidir le digiteáil Sheirbhís Cánach Stáit na hÚcráine go dtí 2030' mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 660 ón Aireacht Airgeadais an 24 Nollaig 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 2.1.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 1 de chuid Chaibidil 2 (bainistíocht airgeadais phoiblí) feabhas a chur ar shlógadh an ioncaim intíre trí éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras riaracháin cánach agus custaim a fheabhsú. Chuige sin, ghlac an Aireacht Airgeadais an *Plean straitéiseach maidir le digiteáil Sheirbhís Cánach Stáit na hÚcráine go dtí 2030* trí Ordú Uimh. 660 an 24 Nollaig 2024. Is é is cuspóir don phlean straitéiseach feidhmiú agus acmhainneacht soláthair seirbhíse an chórais riaracháin cánach a neartú trína éiceachóras bonneagair dhigitigh a uasghrádú.

Leagtar amach sa phlean straitéiseach na príomhthosaíochtaí agus na tionscadail ghaolmhara maidir le forbairt dhigiteach na Seirbhíse Cánach Stáit, i gcomhréir le Cód Cánach na hÚcráine agus leis an Straitéis Náisiúnta Ioncaim le haghaidh 2024–2030. Is iad seo a leanas na príomhthosaíochtaí: (i) comhlíontacht na gcáiníocóirí a fheabhsú; (ii) trédhearcacht a chur chun cinn; (iii) cáilíocht agus rialachas sonraí a fheabhsú; (iv) a córais dhigiteacha a ailíniú le córais dhigiteacha an Aontais; agus (v) an tslándáil sonraí a neartú. Sainaithnítear sa phlean 26 thionscadal atá le cur i gcrích sna 5 bliana amach romhainn chun cabhrú leis na tosaíochtaí atá leagtha síos a bhaint amach. Leis na tionscadail sin, féachtar le feabhas a chur ar chórais TF atá ann cheana nó le córais nua a thabhairt isteach.

Chun comhlíontacht na gcáiníocóirí a fheabhsú agus an bonn cánach foriomlán a mhéadú, beartaítear leis an bplean córas uathoibrithe rioscabhunaithe um bainistiú agus iniúchóireacht a thabhairt isteach, agus é ceaptha chun cáiníocóirí ardriosca a shainaithint agus na rioscaí neamhchomhlíontachta a mheasúnú. Beartaítear leis freisin feabhsuithe ar réamhlíonadh leictreonach tuairisceán cánach chun an tuairisciú cánach a éascú. Chun trédhearcacht a chur chun cinn, tabharfar córas bainistíochta faisnéise isteach chun sonraí fíor-ama a sholáthar maidir le stádas cánach na gcáiníocóirí. Trí stóras leictreonach aonair a bhunú le haghaidh stóráil sonraí, ba cheart feabhas a theacht ar cháilíocht, rialachas agus úsáid sonraí. Má bhaineann an Úcráin comhtháthú leis an gCóras Malartaithe Faisnéise CBL (VIES) agus leis an gCóras um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil (EMCS) amach, ba cheart an méid sin cabhrú léi a córais dhigiteacha a ailíniú a thuilleadh le córais dhigiteacha an Aontais.

Áirítear sa phlean straitéiseach clásal athbhreithnithe chun ailíniú a áirithiú le forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais maidir le córais dhigiteacha i réimse an riaracháin cánach, lena n-áirítear VIES agus EMCS.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 3.6

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le feabhas a chur ar an gcóras um dhócmhainneacht

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Athchóirithe dócmhainneachta agus forfheidhmiú cinntí cúirte

Arna maoiniú le: tacaíocht neamh-inaisíoctha

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 3.6 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le feabhas a chur ar an gcóras um dhócmhainneacht agus ar an reachtaíocht thánaisteach ábhartha, lena dtabharfar isteach córas coiscthe dócmhainneachta agus an uirlis réamhrabhaidh d'eintitis dhlítheanacha agus d'fhiontraithe i gcomhréir le prionsabail Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí, agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132. Leis an reachtaíocht nua dírítear ar na príomhréimsí seo:

— *féimheacht a chosc agus sócmhainneacht féichiúnaithe a athbhunú*

— *comharthaí géarchéime sa chuideachta a bhrath go luath*

— *deiseanna breise a shainaithint chun sócmhainneacht cuideachtaí a athbhunú*

— *infhaighteacht faisnéise do na cuideachtaí maidir leis na sásraí chun dócmhainneacht a chosc agus maidir le luathrabhadh.'*

Is í Céim 3.6 an chéad chéim de na cúig chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach). Ina dhiaidh sin, tá Céim 3.8 (dlite faoi R2 2025) maidir le forfheidhmiú cinntí cúirte a fheabhsú; Céim 3.9 (dlite faoi R4 2025) maidir leis an gcóras bailithe sonraí i ndáil le forfheidhmiú cinntí; Céim 3.7 (dlite faoi R1 2026) maidir le himeachtaí dócmhainneachta a shimpliú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); agus Céim 3.10 (dlite faoi R2 2026) maidir leis an gcóras TF a uasghrádú ar mhaithe le forfheidhmiú cinntí cúirte.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip de Dhlí Uimh. 3985-IX na hÚcráine *'Maidir le Leasuithe ar Chód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta agus Gníomhartha Reachtacha Eile de chuid na hÚcráine i ndáil le Cur Chun Feidhme Threoir 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus i ndáil le Nósanna Imeachta um Athstruchtúrú Coisctheach a thabhairt isteach'*, dar dáta an 19 Meán Fómhair 2024;

(3) cóip de Dhlí Uimh. 4114-IX na hÚcráine *'Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Ceart Tosaíochta Catagóirí Áirithe de Dhaoine Easáitithe ina dTír féin Cúiteamh a Fháil mar gheall ar Réada Réadmhaoine Scriosta'*, dar dáta an 4 Nollaig 2024;

(4) cóip de Rún Uimh. 1424 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine *'Maidir le Leasuithe ar an Rialachán ó Aireacht Dlí agus Cirt na hÚcráine agus Cúlghairm Rún Áirithe ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le Féimheacht'*, dar dáta an 13 Nollaig 2024;

(5) cóip d'Ordú Uimh. 3710/5 ó Aireacht Dlí agus Cirt na hÚcráine 'Maidir le Formheas an Nós Imeachta um Bailiú, Achoimriú agus Postú Faisnéise Staidrimh faoi na Nósanna Imeachta um Athstruchtúrú Coisctheach, um Fhéimheacht agus um Dhócmhainneacht Duine Aonair ar Shuíomh Gréasáin Aireacht Dlí agus Cirt na hÚcráine', dar dáta an 23 Nollaig 2024;

(6) cóip d'Ordú Uimh. 3734/5 ó Aireacht Dlí agus Cirt na hÚcráine *'Maidir le Formheas na bhFoirmeacha Caighdeánacha den Phlean um Athstruchtúrú Coisctheach le haghaidh Micrifhiontar agus Gnólachtaí Beaga agus an Comhaontú leis an Riarthóir um Athstruchtúrú Coisctheach'*, dar dáta an 25 Nollaig 2024;

(7) cóip d'Ordú Uimh. 3733/5 ó Aireacht Dlí agus Cirt na hÚcráine *'Maidir le Leasuithe ar Liostaí na Saincheisteanna Éigeantacha le haghaidh Oiliúint Daoine a bhfuil Rún acu Tabhairt Faoi Ghníomhaíochtaí Cleachtóirí Dócmhainneachta chun Oiliúint a chur ar Chleachtóirí Dócmhainneachta i gCásanna Féimheachta Institiúidí Airgeadais Neamhbhainc agus i gCásanna Féimheachta Fiontar agus Comhlachas Gnó atá faoi Úinéireacht Stáit, a bhfuil níos mó ná 50 % de na Scaireanna (Bunanna) atá ina gCaipiteal Údaraithe faoi Úinéireacht an Stáit'*, dar dáta an 25 Nollaig 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 3.6.

Ghlac parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 3985-IX an 19 Meán Fómhair 2024. An 4 Nollaig 2024, ghlac sí Dlí Uimh. 4114-IX lena leasaítear dáta teacht i bhfeidhm fhorálacha an Dlí. Bunaithe ar an leasú sin, tháinig an Dlí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 agus tháinig an reachtaíocht thánaisteach ábhartha i bhfeidhm ina dhiaidh sin idir an 4 Nollaig 2024 agus an 1 Eanáir 2025.

Le Dlí Uimh. 3985-IX, tugtar isteach córas coiscthe dócmhainneachta agus uirlisí réamhrabhaidh le haghaidh eintiteas agus fiontraithe i gcomhréir le prionsabail *Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132*. Leis an gcóras a tugadh isteach leis an Dlí, cumasaítear cosc na féimheachta agus athbhunú na sócmhainneachta d'fhéichiúnaithe. Áirítear leis sin an méid seo a leanas go háirithe: (i) na rioscaí dócmhainneachta a shainaithint agus a thuairisciú; (ii) próiseas soiléir chun nós imeachta um athstruchtúrú coisctheach a oscailt agus a réiteach; (iii) ceanglais shoiléire chuimsitheacha maidir le pleananna athstruchtúrúcháin; (iv) cleachtóir dócmhainneachta a cheapadh; (v) ceanglas ar fhéichiúnaithe inmharthanacht gnólachta a chruthú; (vi) tástáil leas na gcreidiúnaithe a chur chun feidhme; (vii) bearta cosanta féichiúnaithe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí forfheidhmithe a chur ar fionraí); (viii) sásra um 'athchóiriú éigeantach trasaicmeach fiachais' chun éilimh creidiúnaithe a shocrú; (ix) leasanna oibrithe a chosaint; agus (x) simpliú an nós imeachta le haghaidh micrifhiontar, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide.

Leis an Dlí is féidir comharthaí géarchéime i gcuideachta a bhrath go luath. Áirítear leis sin oibleagáid dhlíthiúil ar iniúchóirí, ar chuntasóirí agus ar bhainistíocht cuideachta fógra a thabhairt d'fhéichiúnaithe faoi aon chomhartha nó bagairt dócmhainneachta. Ceanglaítear ar Aireacht Dlí agus Cirt na hÚcráine faisnéis a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin faoin nós imeachta agus faoi na hionstraimí a bhaineann le luathrabhadh a thabhairt faoi rioscaí dócmhainneachta. Leis an reachtaíocht thánaisteach, tugtar na ceanglais oiliúna éigeantacha le haghaidh cleachtóirí dócmhainneachta cothrom le dáta chun athstruchtúrú coisctheach a chur san áireamh, agus é de chuspóir feasacht a mhúscailt faoin nós imeachta agus a úsáid a chur chun cinn. Leis an Dlí is féidir deiseanna breise a shainaithint agus a chur chun feidhme maidir le sócmhainneacht cuideachtaí a athbhunú. Áirítear leis sin bearta breise um chosaint féichiúnaithe i dtaca le maoiniú eatramhach, dliteanais athphróifílithe agus bearta nua maoinithe agus tiomsaithe caipitil mar chuid den phlean athstruchtúrúcháin.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 6.1

Ainm na céime: An beartas úinéireachta stáit agus triáiseáil fiontar faoi úinéireacht stáit a ghlacadh

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Beartas Úinéireachta Stáit a ghlacadh

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs:

Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 6.1 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Glacadh agus foilsiú an Rúin ó Chomh-Aireacht na hÚcráine maidir leis an mBeartas Ginearálta Úinéireachta Stáit agus "triáiseáil" na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a Fhormheas. Leis an mBeartas Úinéireachta Stáit dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:

— *liosta a dhéanamh de na cuspóirí beartais phoiblí nach mór d'fhiontar faoi úinéireacht stáit a bhaint amach;*

— *tuairisc a thabhairt ar ról an stáit i rialachas na bhfiontar faoi úinéireacht stáit; an chaoi a gcuirfidh an stát a bheartas úinéireachta chun feidhme; agus róil agus freagrachtaí gach ceann de na húdarás rialtais sin a bhfuil baint acu lena chur chun feidhme;*

— *na réasúnaíochtaí foriomlána maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit a choinneáil faoi úinéireacht stáit a shainiú agus na réasúnaíochtaí sin a chur faoi réir athbhreithnithe tráthrialta;*

— *tosaíochtaí fadtéarmacha uile-rialtais a leagan síos maidir le húinéireacht na bhfiontar faoi úinéireacht stáit;*

— *an beartas díbhinní a shainiú agus an beartas pá le haghaidh comhaltaí bord maoirseachta agus bainisteoirí a shainiú.*

Leis an mbeartas úinéireachta is féidir athchóirithe rialachais chorparáidigh ECFE a chur chun feidhme i gcuideachtaí ar oibreoirí córais dáileacháin (OCDanna) iad chun feabhas a chur ar an iomaíocht i margaí gáis nádúrtha.

Seo a leanas na torthaí a thiocfaidh as triáiseáil na bhfiontar faoi úinéireacht stáit:

— *liosta de na fiontair faoi úinéireacht stáit a fhanfaidh faoi úinéireacht stáit ar bhonn straitéiseach;*

— *liosta de na fiontair faoi úinéireacht stáit a molfar iad a phríobháidiú, ina léireofar freisin i bhfo-alt tiomnaithe na fiontair uile faoi úinéireacht stáit a bhfuil toirmeasc sealadach ar a bpríobháidiú agus an dlí airm i bhfeidhm;*

— *liosta de na fiontair faoi úinéireacht stáit a leachtófar.'*

Is í Céim 6.1 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 6 (bainistíocht sócmhainní poiblí).

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip de Rún Uimh. 1369 ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir le 'Glacadh an Bheartais Úinéireachta Stáit, an bheartais luacha saothair do chomhaltaí bord maoirseachta fiontar atá faoi úinéireacht stáit agus dá mbainisteoirí, an bheartais díbhinní stáit', dar dáta an 29 Samhain 2024;

(3) cóip den 'Bheartas Úinéireachta Stáit, den bheartas luacha saothair do chomhaltaí bord maoirseachta fiontar atá faoi úinéireacht stáit agus dá mbainisteoirí, den bheartas díbhinní stáit' mar cheangaltán le Rún Uimh. 1369 ó Chomh-Aireacht na nAirí dar dáta an 29 Samhain 2024;

(4) cóip de Phrótacal Uimh. 122 Cinneadh 2.6 maidir le 'Formheas an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an mBeartas Úinéireachta Stáit', dar dáta an 29 Samhain 2024;

(5) cóip den 'Phlean Gníomhaíochta maidir leis an mBeartas Úinéireachta Stáit' mar cheangaltán le Prótacal Uimh. 122 Cinneadh 2.6 dar dáta an 29 Samhain 2024;

(6) cóip de Phrótacal Uimh. 135 Cinneadh 6.1 maidir le 'Triáiseáil fiontar faoi úinéireachta stáit a fhormheas', dar dáta an 27 Nollaig 2024;

(7) cóip de shliocht as Prótacal Uimh. 9 de chruinniú Chomh-Aireacht na n-Airí an 24 Eanáir 2025 agus aird á tabhairt ar an *'treochlár le haghaidh athchóiriú an rialachais chorparáidigh maidir le hoibreoirí córais dáileacháin gáis, arna fhorbairt ag an Aireacht Fuinnimh'*.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 6.1.

Ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine an Beartas Úinéireachta Stáit an 29 Samhain 2024. Is doiciméad cuimsitheach é sin ina sainítear ról an stáit i mbainistiú fiontar faoi úinéireacht stáit. De réir fhorálacha an doiciméid, ní mór athbhreithniú éigeantach a dhéanamh air laistigh de bhliain amháin tar éis a fhormheasta agus gach 5 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin.

Sainaithnítear sa Bheartas Úinéireachta Stáit sraith cuspóirí beartais phoiblí a rannchuideoidh cuideachtaí faoi úinéireacht stáit leo, amhail earraí agus seirbhísí a sholáthar chun riachtanais na saoránach a shásamh agus rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus leas sóisialta. Tá coinne leis freisin go rannchuideoidh fiontair faoi úinéireacht stáit le cosaint an chomhshaoil, le héifeachtúlacht fuinnimh agus leis an digiteáil.

Leagtar amach i reachtaíocht phríomha na hÚcráine príomhfhreagrachtaí na n-eintiteas rialtais maidir le cuideachtaí faoi úinéireacht stáit a bhainistiú. Tugtar tuairisc bhreise sa Bheartas Úinéireachta Stáit ar róil comhlachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara ábhartha amhail an Coiste Frith-Mhonaplachta agus Ciste Maoine an Stáit sna próisis éagsúla a bhaineann le maoin an stáit a bhainistiú. Cuirtear sannadh mionsonraithe freagrachtaí san áireamh (e.g. le haghaidh oibríochtaí triáiseála, príobháidiú, cur i bhfeidhm prionsabal rialachais chorparáidigh agus measúnú ar fheidhmíochtaí cuideachtaí faoi úinéireacht stáit). Maidir leis an triáis, comhordaíonn an Aireacht Geilleagair ionchuir na n-aireachtaí líne agus na bpáirtithe leasmhara chun an triáis a ullmhú, agus tá Comh-Aireacht na nAirí freagrach as formheas agus formhuiniú foirmiúil na triáise. Téitear i gcomhairle le parlaimint na hÚcráine freisin maidir le formheas an liosta cuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá le coinneáil faoi úinéireacht stáit. Déantar cur síos sa Bheartas Úinéireachta Stáit freisin ar ról na hAireachta Airgeadais le linn an phróisis.

Leagtar amach sa Bheartas Úinéireachta Stáit an réasúnaíocht agus na cuspóirí foriomlána maidir le cuideachtaí faoi úinéireacht stáit a choinneáil faoi rialú stáit. Tagraítear ann don riosca teip margaidh agus don riosca monaplachtaí nádúrtha, agus don ghá a áirithiú go gcuirfear cúrsaí slándála agus cosanta náisiúnta san áireamh. Maidir le heintitis bhainistíochta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit, is gá dóibh a léiriú go bhfuil na spriocanna agus na húdair a leagtar amach sa Bheartas Úinéireachta Stáit á gcomhlíonadh acu ionas go gcoinneofar an fiontar faoi rialú stáit.

Leagtar amach sa Bheartas Úinéireachta Stáit na tosaíochtaí fadtéarmacha agus uile-rialtais maidir le húinéireacht fiontar faoi úinéireacht stáit, rud a áiritheoidh go ndéanfar maoin stáit a bhainistiú go cuí. Áirítear leis sin ceanglais trédhearcachta agus tuairiscithe a fhoirmliú le haghaidh cuideachtaí faoi úinéireacht stáit; nósanna imeachta agus cuspóirí maidir le gníomhaíochtaí na n-eintiteas faoi úinéireacht stáit a mheasúnú; agus nósanna imeachta chun comhlíonadh na neodrachta iomaíche agus an chórais rialachais chorparáidigh a áirithiú. Ina theannta sin, leagtar amach sa doiciméad na cuspóirí a bhaineann le maoin stáit a bhainistiú agus an dlí airm i bhfeidhm, agus é mar chuspóir sonrach gearrthéarmach ag an méid sin an tslándáil náisiúnta a áirithiú.

In éineacht leis an mBeartas Úinéireachta Stáit, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine beartas luacha saothair le haghaidh comhaltaí bord maoirseachta fiontar faoi úinéireacht stáit agus a mbainisteoirí, mar aon le beartas díbhinne stáit. Leis an mbeartas luacha saothair, forordaítear cur chuige níos aonfhoirmí ar fud cuideachtaí éagsúla faoi úinéireacht stáit. Leagtar síos sa bheartas díbhinní stáit prionsabail ghinearálta chun méid agus íocaíocht dhíbhinní na bhfiontar faoi úinéireacht stáit le buiséad an stáit a chinneadh.

Áirítear sa Bheartas Úinéireachta Stáit gealltanas go gcuirfidh an Úcráin athchóirithe rialachais chorparáidigh ECFE chun feidhme in Oibreoirí Córais Dáileacháin (OCDanna) chun feabhas a chur ar an iomaíocht i margaí gáis nádúrtha. Chun an gealltanas sin a fhorbairt a thuilleadh, thug Comh-Aireacht na nAirí treochlár dá haire chun eintiteas dlítheanach neamhspleách ar leithligh a bhunú a mbeadh bord maoirseachta neamhspleách aige chun OCDanna a bhainistiú, agus prionsabail an rialachais chorparáidigh á leanúint aige.

Leagtar amach sa Bheartas Úinéireachta Stáit freisin na céimeanna sa phróiseas triáise. Ar an mbonn sin, tá triáiseáil na n-eintiteas faoi úinéireacht stáit glactha go foirmiúil ag Comh-Aireacht na nAireachtaí. Áirítear leis sin: (i) liosta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit atá le coimeád faoi úinéireacht stáit; (ii) liosta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a gcuirtear a bpríobháidiú ar fionraí agus an dlí airm i bhfeidhm; agus (iii) liosta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a gcuirfear a maoin faoi rialú Chiste Maoine an Stáit le haghaidh príobháidiú nó leachtú. Mar a shainítear sa Bheartas Úinéireachta Stáit, déanfaidh Ciste Maoine an Stáit dhá liosta ar leithligh a tharraingt suas ansin, ceann amháin do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit atá faoi réir príobháidiú agus ceann eile dóibh siúd atá faoi réir leachtú.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 7.5

Ainm na céime: Glacadh na Straitéise um athchóiriú a dhéanamh ar Institiúidí Sícinéareolaíocha agus ar Institiúidí Cónaithe eile, agus um Chúram le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas agus Daoine Scothaosta a dhí-institiúidiú, agus glacadh na Straitéise lena n-Áirithítear Ceart gach Linbh san Úcráin chun Fás Aníos i dTimpeallacht Teaghlaigh le haghaidh na mblianta 2024-2028

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Bonneagar sóisialta feabhsaithe agus dí-institiúidiú

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 7.5 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Glacadh Ordú na Comh-Aireachta Airí "Maidir le Formheas na Straitéise um Institiúidí Sícinéareolaíocha agus Institiúidí Cónaithe eile a Athchóiriú agus um Chúram le haghaidh daoine faoi Mhíchumas agus Daoine Scothaosta a Dhí-Institiúidiú" agus glacadh Ordú na Comh-Aireachta Airí "Maidir le Formheas na Straitéise um cheart gach linbh san Úcráin chun fás aníos i dtimpeallacht teaghlaigh a áirithiú le haghaidh na mblianta 2024-2028". Leis na straitéisí sin, dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:

— *seirbhísí sóisialta a fhorbairt chun tacú le teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, le daoine faoi mhíchumas agus le daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách sa phobal agus chun institiúidiú a chosc;*

— *seirbhísí maireachtála cuidithe a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta a bhfuil gá acu le tacaíocht bhreise;*

— *cineálacha tógála teaghlachbhunaithe a sholáthar (e.g. cúram altrama, caomhnóireacht agus uchtú) do leanaí atá fágtha gan cúram tuismitheora.'*

Is í Céim 7.5 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna).

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip d'Ordú Uimh. 1355-r ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir le formheas na 'Straitéise um Institiúidí Sícinéareolaíocha agus Institiúidí Cónaithe Eile a Athchóiriú agus um Chúram le haghaidh Daoine Fásta faoi Mhíchumas agus Daoine Scothaosta a Dhí-Institiúidiú go dtí 2034', chomh maith leis an 'bPlean Oibríochtúil Beart maidir lena Cur Chun Feidhme in 2025-2027', dar dáta dóibh araon an 24 Nollaig 2024;

(3) cóip d'Fhoraithne Uimh. 1201 ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir le formheas na 'Straitéise um cheart gach linbh san Úcráin chun fás aníos i dtimpeallacht teaghlaigh a áirithiú le haghaidh na mlianta 2024–2028', chomh maith leis an 'bPlean Oibríochtúil Beart maidir lena Cur Chun Feidhme le haghaidh na mblianta 2024–2026', dar dáta dóibh araon an 26 Samhain 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 7.5.

Ghlac Comh-Aireacht na nAirí *'An Straitéis um Cheart gach Linbh chun Fás Aníos i dTimpeallacht Teaghlaigh a Áirithiú le haghaidh 2024–2028'* an 26 Samhain 2024, mar aon leis an bplean gníomhaíochta oibríochtúil maidir lena cur chun feidhme le haghaidh 2024–2026.

Is é is aidhm don straitéis a áirithiú gur féidir le gach leanbh leas a bhaint as a cheart chun fás aníos i dtimpeallacht teaghlaigh shábháilte thacúil trí chóras tacaíochta a chruthú do leanaí agus do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu, trí leanaí a athimeascadh ina dteaghlaigh agus trí chineálacha tabhairt suas atá bunaithe ar an teaghlach a fhorbairt (lena n-áirítear cúram altrama, caomhnóireacht agus uchtú).

Tá an straitéis bunaithe ar phrionsabal an dí-institiúidithe agus ar an bprionsabal gurb é an teaghlach an timpeallacht is fearr le haghaidh forbairt iomlán chomhchuí leanaí. Saothraítear léi cineálacha tabhairt suas atá bunaithe ar an teaghlach agus áirítear inti céimeanna chun an reachtaíocht a leasú agus an bealach a réiteach le haghaidh socrúchán níos fearr a chuireann leas agus riachtanais leanaí san áireamh. Tacaíonn an straitéis le dílleachtaí agus leanaí a bhfuil cúram tuismitheora bainte díobh, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, a thógáil i dtimpeallacht teaghlaigh. Is é is aidhm di seirbhísí tacaíochta a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh, lena n-áirítear: tacaíocht do speisialtóireacht teaghlach altrama, chun cabhrú leo na dálaí cearta a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu; seirbhísí tacaíochta spriocdhírithe do leanaí (lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas) agus do dhaoine idir 14 agus 23 bliana d'aois, a bhfuil cúram malartach agus tógáil mhalartach á bhfáil acu, chun cabhrú leo maireachtáil go neamhspleách agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí.

Ghlac Comh-Aireacht na nAirí *'An Straitéis um Institiúidí Sícinéareolaíocha agus Institiúidí Cónaithe Eile a Athchóiriú agus um Chúram le haghaidh Daoine Fásta faoi Mhíchumas agus Daoine Scothaosta a Dhí-Institiúidiú go dtí 2034'* an 24 Nollaig 2024, mar aon leis an bplean oibríochtúil chun an chéad chéim den straitéis a chur chun feidhme lena gcumhdaítear an tréimhse 2025-2027. Is é is aidhm don straitéis a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas agus le daoine scothaosta a gceart chun maireachtála go neamhspleách agus a gceart chun cuimsithe ina bpobal áitiúil a fheidhmiú. Áirítear leis sin rochtain saor ó bhacainní ar na seirbhísí a bhfuil gá leo a áirithiú (e.g. oideachas, cultúr, agus cúnamh sóisialta, dlíthiúil, leighis agus síceolaíoch).

Tacaíonn an straitéis le forbairt an mhargaidh le haghaidh na seirbhísí sóisialta, athshlánaithe agus maireachtála cuidithe a bhfuil gá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine scothaosta leo chun maireachtáil go neamhspleách ina rogha timpeallachta. Aithnítear inti ról na dteaghlach agus tá sé d'aidhm aici feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis faoi na roghanna cúraim agus tacaíochta atá ar fáil chun cinntí feasacha a dhéanamh. Tacaíonn an straitéis le feabhsuithe ar cháilíocht an chúraim fhadtéarmaigh agus na seirbhísí sóisialta. Is é is aidhm di feabhas a chur ar na nósanna imeachta agus na caighdeáin chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar agus an córas chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin a thabhairt cothrom le dáta.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 8.7

Ainm na céime: Glacadh an rúin maidir le bearta faireachais margaidh a atosú agus táirgí neamhbhia a rialú, lena n-áirítear cigireacht ar shábháilteacht táirgí

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Reachtaíocht agus caighdeáin a chomhchuibhiú leis an Aontas Eorpach

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 8.7 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Glacadh an Rúin ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le Leasuithe ar Rún an 13 Márta 2022 uimh. 303 "Maidir le Foirceannadh Beart Faireachais Stáit (Rialú) agus Faireachais Margaidh Stáit faoi Choinníollacha an Dlí Airm" a mhéid a bhaineann le faireachas margaidh stáit a eisiamh óna raon feidhme agus chun Rún an 3 Bealtaine 2022 uimh. 550 "Maidir le Rialú Stáit ar Tháirgí Neamhbhia faoi Choinníollacha an Dlí Airm a Fhoirceannadh" chun bearta faireachais margaidh agus rialú táirgí neamhbhia a atosú, lena n-áirítear cigireachtaí sábháilteachta táirgí.'

Is í Céim 8.7 an chéad chéim den dá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 de Chaibidil 8 (an timpeallacht ghnó). Ina dhiaidh sin tá Céim 8.8 (dlite faoi R3 2025) maidir le caighdeáin chomhchuibhithe a ghlacadh le haghaidh trí ghrúpa táirgí tionsclaíocha.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) cóip de Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 261 *'Maidir le Leasuithe ar Rúin ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 13 Márta 2022, Uimh. 303 agus dar dáta an 3 Bealtaine 2022, Uimh. 550'*, dar dáta an 8 Márta 2024;

(2) cóip de Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 1052 *'Maidir le Leasuithe ar Rúin ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 13 Márta 2022, Uimh. 303 agus dar dáta an 3 Bealtaine 2022, Uimh. 550'*, dar dáta an 6 Meán Fómhair 2024;

(3) cóip de Rún Uimh. 1511 ó Chomh-Aireacht na nAirí *'Maidir le Leasuithe ar an Rún ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 303 dar dáta an 13 Márta 2022 agus Neamhbhailíochtú Rún Áirithe ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine'*, dar dáta an 27 Nollaig 2024;

(4) cóip de Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 303 *'Maidir le foirceannadh beart maoirseachta (rialaithe) stáit agus maoirseachta margaidh stáit faoin dlí airm'*, dar dáta an 13 Márta 2022;

(5) cóip de Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 550 *'Maidir le foirceannadh rialú an stáit ar tháirgí neamhbhia faoin dlí airm'*, dar dáta an 3 Bealtaine 2022.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 8.7.

Tá faireachas margaidh, rialú agus cigireachtaí maidir le táirgí neamhbhia tugtha ar ais go hiomlán ag an Úcráin, trí thrí rún as a chéile a ghlacadh. Leis na rúin sin, leasaíodh Rúin Uimh. 303 an 13 Márta 2022 agus Uimh. 550 an 3 Bealtaine 2022 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine chun faireachas agus rialú stáit, agus cigireachtaí sábháilteachta táirgí ar tháirgí neamhbhia, a athbhunú.

Tá faireachas margaidh, rialú agus cigireachtaí athbhunaithe de réir a chéile leis na trí rún ar an mbealach seo a leanas.

— Le Rún Uimh. 261 an 8 Márta 2024, rinneadh faireachas agus rialú margaidh a athbhunú le haghaidh na ngrúpaí earraí tionsclaíocha seo a leanas a thagann faoin gComhaontú maidir le Measúnú Comhréireachta: (i) lampaí tí lena mbaineann radaíocht neamhthreoch; (ii) trealamh leictreach ísealvoltais atá i gcomhréir leis na rialacháin theicniúla maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Trealaimh; agus (iii) meaisíní agus trealamh atá i gcomhréir leis na rialacháin theicniúla maidir le Sábháilteacht Meaisíní.

— Le Rún Uimh. 1050 an 6 Meán Fómhair 2024, cuireadh síneadh leis an bhfaireachas agus an rialú margaidh chun an méid seo a leanas a chuimsiú: (i) bréagáin, i gcomhréir leis na rialacháin theicniúla maidir le Sábháilteacht Bréagán; (ii) brú-threalamh soghluaiste, i gcomhréir leis na rialacháin theicniúla maidir le Brú Móibíleach; (iii) trealamh cosanta pearsanta, i gcomhréir le ceanglais na rialachán teicniúil maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta; (iv) ardaitheoirí agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh ardaitheoirí, i gcomhréir le ceanglais na rialachán teicniúil maidir le hArdaitheoirí agus Comhpháirteanna Sábháilteachta le haghaidh Ardaitheoirí; agus (v) feistí leighis agus modhanna cúnta dóibh, i gcomhréir le ceanglais na rialachán teicniúil maidir le Feistí Leighis.

— Le Rún Uimh. 511 an 27 Nollaig 2024, rinneadh cigireachtaí ar tháirgí neamhbhia a thabhairt ar ais, tar éis iad a bheith ar fionraí ó bhí an 13 Márta 2022 ann.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 9.6

Ainm na céime: Rúin a ghlacadh chun pleanáil uirbeach a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Beartas réigiúnach a fhorbairt agus a chur chun feidhme

Arna maoiniú ó: Iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 9.6 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine na Rúin lena bhformheastar an Nós Imeachta maidir leis an gclár talún um pleanáil uirbeach ar leibhéal an stáit a choinneáil ar bun, mar aon leis an gClár Aontaithe Stáit um Sheoltaí, an Clár Aontaithe Stáit um Fhoirgnimh agus Struchtúir, an Clár Aontaithe Stáit um Aonaid Riaracháin, lena leasaítear rúin ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine lena rialaítear forbairt doiciméadachta pleanála uirbí i bhfoirm doiciméid leictreonacha, lena gcoinnítear Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit ar bun i réimse na tógála, an chomhtháthaithe agus na hidirghníomhaíochta faisnéise idir cláir agus cláir talún an stáit.'

Is í Céim 9.6 an dara céim agus an chéim dheireanach i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 de chuid Chaibidil 9 (dílárú agus beartas réigiúnach).

An fhianaise a cuireadh ar fáil

1. doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

2. cóip de Rún Uimh. 254 ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir le 'Roinnt saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail thurgnamhaigh maidir le cruthú an Chláir Aontaithe Stáit um Aonaid Riaracháin agus um Chríocha na bPobal Críochach, an Chláir Aontaithe Stáit um Sheoltaí, an Chláir um Fhoirgnimh agus Struchtúir mar chuid de Chóras Aontaithe Leictreonach an Stáit i réimse na tógála', dar dáta an 5 Márta 2024;

3. cóip de Rún Uimh. 613 ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le Leasuithe ar an Nós Imeachta chun Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit i Réimse na Tógála a Choinneáil ar Bun', dar dáta an 30 Bealtaine 2024;

4. cóip de Rún Uimh. 909 ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le roinnt saincheisteanna i ndáil leis an tionscadal turgnamhach a chur chun feidhme maidir leis an gClár Talún um Pleanáil Uirbeach a thabhairt isteach ar leibhéal an Stáit', dar dáta an 9 Lúnasa 2024;

5. cóip de Rún Uimh. 1557 ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le Leasuithe ar na Rúin ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le Doiciméadacht Pleanála Uirbí a Fhorbairt ar an Leibhéal Áitiúil', dar dáta an 31 Nollaig 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an údar agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 9.6.

Is é cuspóir foriomlán na céime sin rannchuidiú le forbairt dhigiteach chríocha na hÚcráine mar cheann de thosaíochtaí bheartas réigiúnach an stáit, an bheartais téarnaimh agus an bheartais pleanála uirbí. Tá ceithre rún ar leithligh glactha ag Comh-Aireachta na nAirí lena ndéantar athruithe ar roinnt rún eile, agus ar roinnt nósanna imeachta, aicmithe agus rialachán freisin.

Le Rún Uimh. 254 an 5 Márta 2024, formheasadh an Clár Aontaithe Stáit um Sheoltaí, an Clár Aontaithe Stáit um Fhoirgnimh agus Struchtúir, agus an Clár Aontaithe Stáit um Aonaid Riaracháin. Is é is cuspóir dó foinsí oifigiúla comhchuibhithe faisnéise a chruthú i bhfoirm clár maidir le haonaid agus críocha riaracháin na hÚcráine. Go sonrach, tá faisnéis sna cláir sin faoi réada sonracha (e.g. lampaí sráide, fálta agus ballaí), seoltaí agus saintréithe teicniúla a bhaineann le foirgnimh, struchtúir agus áitribh. Roimhe seo, ní raibh rochtain ag an stát ach ar fhaisnéis faoi úsáid dáileachtaí talún (tríd an gClár Talún um Thalamh Stáit), gníomhaíocht tógála (tríd an gClár Gníomhaíochtaí Tógála) agus cearta chun maoine dochorraithe. Trí chláir nua a thabhairt isteach le haghaidh faisnéise, is féidir rianú sonraí níos éifeachtaí a dhéanamh ar leibhéal an stáit, rud a fhágann go bhfuil laghdú ar chostais agus neamhéifeachtúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith iomarcach.

Le Rún Uimh. 613 an 30 Bealtaine 2024, iarradh go leanfaí de Chóras Aontaithe Leictreonach an Stáit chun cláir stáit agus cláir talún a thógáil agus a chomhtháthú agus chun idirghníomhaíocht sonraí a bhaint amach eatarthu, chun nósanna imeachta ábhartha a chur i gcomhréir leis an reachtaíocht.

Le Rún Uimh. 909 an 9 Lúnasa 2024 tugadh isteach córas faisnéise feidhmiúil comhtháite le haghaidh an chláir talún um pleanáil uirbeach ar leibhéal an stáit. Roimhe sin, ní raibh ann ach líonra beag de chórais fheidhmiúla TF ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Réitigh sé an bealach freisin chun nósanna imeachta a dhigiteáil a thuilleadh chun doiciméadacht pleanála uirbí a fhorbairt, a thabhairt cothrom le dáta, a leasú agus a fhormheas de réir ceanglais aonfhoirmeacha.

Le Rún Uimh. 1557 an 31 Nollaig 2024 leasaíodh nósanna imeachta agus rúin lena sonraítear sonraíochtaí teicniúla le haghaidh doiciméid leictreonacha agus aicmithe teicniúla éagsúla atá le húsáid i gcomhthéacs doiciméadachta pleanála uirbí.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 10.2

Ainm na céime: Creat margadhbhunaithe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a thabhairt isteach

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Creat rialála feabhsaithe chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus chun oibriú cobhsaí an chórais fuinnimh a áirithiú

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo an ceanglas le haghaidh Chéim 10.2 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Teacht i bhfeidhm an chreata mhargadhbhunaithe reachtaigh agus rialála le haghaidh infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcomhréir le rialacha an Aontais, is é sin le rá na nósanna imeachta agus na doiciméid is gá le haghaidh ceantanna iomaíocha. Tugtar an gníomh reachtach seo a leanas isteach/leasaítear an gníomh reachtach seo a leanas: An Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí "Maidir le Leasuithe ar an Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí" dar dáta an 29 Nollaig 2019 Uimh. 1175 maidir le Feabhas a chur ar an Nós Imeachta i dtaca le Ceantanna a Reáchtáil chun Cuótaí Tacaíochta a Dháileadh'.

Is í Céim 10.2 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 10 (an earnáil fuinnimh). Ina dhiaidh sin, beidh Céim 10.3 (atá dlite faoi R3 2026) maidir le reachtaíocht chun na nósanna imeachta um cheadú le haghaidh infheistíochtaí in-athnuaite a ghiorrú; agus Céim 10.4 (dlite faoi R4 2025) maidir leis an treochlár a ghlacadh chun an formhuirear fuinnimh in-athnuaite a dheighilt ón taraif tarchurtha.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip de Rún Uimh. 232 ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir le 'Leasuithe ar Rúin Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 420 dar dáta an 23 Bealtaine 2018 agus Uimh. 1175 dar dáta an 27 Nollaig 2019', dar dáta an 1 Márta 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 10.2.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo sciar an fhuinnimh in-athnuaite i meascán fuinnimh na hÚcráine a mhéadú. Tháinig Rún Uimh. 232, lenar leasaíodh dhá phríomhrún sa chreat reachtach le haghaidh infheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite, i bhfeidhm an 1 Márta 2024. Leis na leasuithe sin, tugadh creat reachtach rialála margadhbhunaithe isteach le haghaidh infheistíocht i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite. Sonraítear iontu nach n-úsáidfear nósanna imeachta um cheantáil ach amháin chun tacaíocht a leithdháileadh bunaithe ar an sásra préimhe margaidh. Tagraítear leo freisin do na nósanna imeachta agus na doiciméid a bhfuil gá leo le haghaidh ceantanna iomaíocha (e.g. ullmhú an cheant, cinneadh an bhuaiteora bunaithe ar thorthaí an cheant, agus bunú cuótaí bliantúla le haghaidh tacaíochta d'eintitis ghnó a tháirgeann leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite). Bunaithe ar na leasuithe sin, eagrófar ceantanna ar bhealach lena n-áiritheofar, i measc pointí eile, iomaíocht idir na rannpháirtithe; oscailteacht, trédhearcacht agus neamh-idirdhealú maidir leis na rannpháirtithe; agus rúndacht faisnéise faoi rannpháirtithe go dtí deireadh an cheant, i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 10.10

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun neamhspleáchas an Choimisiúin Rialála Náisiúnta um Fhóntais Fuinneamh a áirithiú

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 5. Neamhspleáchas an Choimisiúin Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais a áirithiú

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo an ceanglas le haghaidh Chéim 10.10 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Teacht i bhfeidhm an Dlí um leasuithe dar dáta an 24 Lúnasa 2023 Uimh. 3354-IX "Maidir le gníomhaíocht reachtóireachta", lena ndíolmhaítear na cinntí ón gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais, ar gníomhartha dlí rialála iad, ón nós imeachta stáit um chlárú dá bhforáiltear le dlí. Leis na leasuithe sin, dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:

— *neamhspleáchas an Rialtóra a áirithiú mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (athmhúnlú) agus Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE;*

— *cur chun feidhme Airteagal 5 de Dhlí na hÚcráine "Maidir leis an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais" i dtaca le toirmeasc ar chomhlachtaí stáit cur isteach ar ghníomhaíochtaí an Rialtóra.'*

Is í Céim 10.10 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 de Chaibidil 10 (an earnáil fuinnimh). Ina dhiaidh sin, tá Céim 10.11 (atá dlite faoi R4 2025) maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe ar Dhlí na hÚcráine *'Maidir leis an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais'*, leasuithe lenar cheart neamhspleáchas an Choimisiúin Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais a fheabhsú a thuilleadh.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip de Dhlí Uimh. 3915-IX na hÚcráine maidir le *'Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine a bhaineann le Rialáil Saincheisteanna Áirithe maidir le hÚsáid Téarmaíochta in Earnáil an Fhuinnimh'*, dar dáta an 21 Lúnasa 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 10.10.

Is é is cuspóir foriomlán don athchóiriú seo neamhspleáchas an rialtóra fuinnimh a neartú agus feidhmiú agus forbairt éifeachtach na margaí in earnálacha an fhuinnimh agus na bhfóntas a áirithiú. Ghlac parlaimint na hÚcráine Dhlí Uimh. 3915-IX na hÚcráine maidir le *'Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine a bhaineann le Rialáil Saincheisteanna Áirithe maidir le hÚsáid Téarmaíochta in Earnáil an Fhuinnimh'*, dar dáta an 21 Lúnasa 2024. Tháinig sé sin i bhfeidhm an 18 Meán Fómhair 2024. Is é is aidhm ghinearálta don Dlí an creat rialála a chur in oiriúint d'fhorbairtí teicneolaíochta agus na sainmhínithe dlíthiúla a ailíniú le caighdeáin an Aontais.

Le hAirteagal 7 den Dlí, tugtar isteach díolúine ó chlárú stáit arna bhainistiú ag an Aireacht Dlí agus Cirt i gcás na ngníomhartha dlí rialála arna n-ullmhú ag an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais (NEURC). Foráiltear leis an airteagal freisin gur cheart gníomhartha dlí rialála ó NEURC a chur isteach i gClár Aontaithe Stáit na nGníomhartha Dlíthiúla Normatacha tar éis a bhfoilsithe.

Áirithítear leis na leasuithe sin go mbeidh NEURC díolmhaithe ón nós imeachta stáit um chlárú agus gur féidir leis cinntí uathrialaitheacha a dhéanamh go neamhspleách ar aon chomhlacht polaitiúil i gcomhréir le hAirteagal 57(5) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le *rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (athmhúnlú) agus Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE*. Cuirtear chun feidhme leo freisin Airteagal 5 de Dhlí na hÚcráine maidir leis *'an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais'* a mhéid a bhaineann le toirmeasc ar chomhlachtaí stáit cur isteach ar ghníomhaíochtaí an Rialtóra.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 11.1

Ainm na céime: Straitéis Náisiúnta Iompair athbhreithnithe na hÚcráine go dtí 2030 a ghlacadh

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Pleanáil chuimsitheach earnáil an iompair

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 11.1 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Ordú ó Chomh-Aireacht na nAirí a ghlacadh maidir le Straitéis Náisiúnta Iompair na hÚcráine a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh na tréimhse go dtí 2030. Leis an Straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:

— *córas iompair iomaíoch éifeachtúil a atógáil agus a fhorbairt i gcomhréir le beartais agus caighdeáin an Aontais, go háirithe maidir le gréasáin thras-Eorpacha iompair agus spriocanna dícharbónaithe earnáil an iompair a leagtar amach ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach (lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí bhealaí iarnróid, bóithre agus uiscebhealaí intíre a fhorbairt, ar bealaí iad atá san áireamh i léarscáileanna táscacha ghréasán TEN-T, digitiú bhainistíocht an chórais iompair, etc.);*

— *iompar paisinéirí ar ardchaighdeán agus soghluaisteacht gan bhac;*

— *iompar atá fuinneamhéifeachtúil, inbhuanaithe agus sábháilte le haghaidh daoine agus le haghaidh an chomhshaoil.'*

Is í Céim 11.1 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 11 (an t-iompar). Tá sí nasctha le Céim 11.7, lena mbeartaítear infheistíochtaí EUR 350 milliún ar a laghad i mbonneagar iompair i gcomhréir leis an straitéis a glacadh faoi Chéim 11.1.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip d'Ordú Uimh. 1550 ó Chomh-Aireacht na nAirí *'Maidir le Formheas Straitéis Náisiúnta Iompair na hÚcráine le haghaidh na Tréimhse go dtí 2030 agus Formheas an Phlean Oibríochtúil maidir lena Cur Chun Feidhme in 2025–2027'*, dar dáta an 27 Nollaig 2024;

(3) cóip de *'Straitéis Náisiúnta Iompair na hÚcráine le haghaidh na tréimhse go dtí 2030'* mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 1550 an 27 Nollaig 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 11.1.

Ghlac Comh-Aireacht na nAirí Straitéis Náisiúnta Iompair na hÚcráine le haghaidh na tréimhse go dtí 2030 trí Ordú Uimh. 1550 an 27 Nollaig 2024. Tagann sé in ionad na straitéise roimhe sin, a glacadh i mí na Bealtaine 2018.

Dírítear sa doiciméad straitéiseach seo ar chóras iompair iomaíoch éifeachtúil a atógáil agus a fhorbairt i gcomhréir le beartais agus caighdeáin an Aontais, agus is é an tús a bheidh leis sin measúnú ar riachtanais chun an bonneagar iompair a athchóiriú. Déanfar athbhreithniú ar rialachán an stáit maidir le monaplachtaí nádúrtha i réimse an iompair. Áiritheofar coinníollacha comhionanna, neamh-idirdhealaitheacha agus trédhearcacha maidir le rochtain ar an margadh iompair. Déanfar an reachtaíocht náisiúnta maidir le roinnt réimsí a bhaineann leis an iompar (an eitlíocht, an t-iompar de bhóthar, an t-iompar d'iarnród agus an t-iompar muirí go háirithe) a ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais.

Dírítear go háirithe sa straitéis ar ghréasáin thras-Eorpacha iompair (TEN-T) agus ar bhealaí iarnróid, bóithre agus uiscebhealaí intíre a fhorbairt atá san áireamh i léarscáileanna ghréasán TEN-T.

Tá an straitéis comhsheasmhach leis na spriocanna dícharbónaithe idirnáisiúnta agus le spriocanna dícharbónaithe an Aontais don earnáil iompair. Leagtar béim inti ar an ngá le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo córais iompair níos inbhuanaithe níos glaise, agus tagairt á déanamh do reachtaíocht ábhartha an Aontais agus do sprioc an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is é is aidhm di a áirithiú go gcomhlíonfar Comhaontú Pháras agus reachtaíocht aeráide na hÚcráine. Dírítear léi ar mhéid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa d'iompar de bhóthar, d'eitlíocht, d'iompar uisce agus d'iarnróid a laghdú suas le 33 % i gcomparáid le leibhéal 1990, nó suas le 90 % i gcomparáid le leibhéal 2021. Chun an toradh sin a bhfuil coinne leis a bhaint amach, áirítear sa straitéis bearta arb é is aidhm dóibh flít na bhfeithiclí a nuachóiriú agus na dálaí a chruthú chun breoslaí malartacha, fuinneamh in-athnuaite agus feithiclí leictreacha a chur in úsáid agus chun an t-iompar poiblí a nuachóiriú agus úsáid an iompair phoiblí ar bhonn níos leithne a spreagadh

Áirítear sa doiciméad straitéiseach forálacha maidir le bainistíocht an iompair a dhigiteáil. Áirítear leo sin foirm leictreonach faisnéise a thabhairt isteach maidir le hiompar lastais, mar aon le córas leictreonach bailithe dolaí. Thairis sin, cuirfidh an Úcráin an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) chun feidhme de réir a chéile agus tabharfaidh sí uirlisí digiteacha isteach chun an acmhainneacht a mhéadú ag pointí trasnaithe teorann.

Déantar cur síos sa straitéis ar an gcaoi a bhforbrófar iompar paisinéirí ar ardchaighdeán agus soghluaisteacht gan bhac le haghaidh paisinéirí (e.g. trí chríochfoirt paisinéirí, moil iompair agus conairí rothar a fhorbairt) d'fhonn nascacht idir modhanna éagsúla iompair a fheabhsú. Tá sé d'aidhm aici freisin rochtain níos fearr ar an iompar poiblí a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do ghrúpaí eile lena mbaineann soghluaisteacht íseal. Tá 60 % den bhonneagar iompair le bheith inrochtana faoi 2030. Ba cheart méadú suas le 70 % a theacht ar sciar na bhfeithiclí poiblí inrochtana in earnáil an iompair uirbigh de bhus. Thairis sin, cruthófar eagraíocht neamhspleách chun tionóiscí san earnáil iompair a imscrúdú agus cuirfear córas bainistíochta sábháilteachta iarnróid chun feidhme i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

Tá sé d'aidhm ag an Úcráin tríd an straitéis freisin feabhas a chur ar shábháilteacht an chórais iompair dá muintir agus dá comhshaol. Moltar inti roinnt beart chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar shábháilteacht na loingseoireachta. Áirítear leo sin forfheidhmiú níos déine rialacha. Mar shampla, le réitigh innealtóireachta chun laghdú éigeantach luais a bhaint amach agus chun sreafaí tráchta a dheighilt, cuirfear feabhas ar shábháilteacht na mbóithre agus rannchuideofar leis an sprioc laghdú 50 % ar thionóiscí tromchúiseacha san earnáil iompair a bhaint amach faoi 2030.

Aithnítear sa straitéis a thábhachtaí atá sé tionchar diúltach an bhonneagair bóithre agus iompair ar an gcomhshaol a laghdú agus gnéithe comhshaoil a chur san áireamh agus an bonneagar iompair á phleanáil, á dhearadh agus á thógáil. Dá bhrí sin, cuirtear iompar inbhuanaithe atá tíosach ar fhuinneamh chun cinn leis an straitéis. Dá bhrí sin, cuireann sé iompar inbhuanaithe atá tíosach ar fhuinneamh chun cinn. Déanfaidh cathracha pleananna um shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí aithris a dhéanamh ar chathracha an Aontais agus trí bheith comhleanúnach le cur chuige nóid uirbeacha TEN-T. Méadófar sciar an iompair leictrigh, agus cuirfear forbairt an bhonneagair luchtaithe chun cinn. Leagtar síos sa straitéis spriocanna maidir leis an bhflít busanna uirbeacha a athnuachan, úsáid breoslaí malartacha agus in-athnuaite a mhéadú, agus astaíochtaí ón iompar de bhóthar a laghdú suas le 23 % den leibhéal astaíochtaí a bhí ann in 1990.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 11.2

Ainm na céime: An Straitéis a ghlacadh chun an bonneagar teorann le Ballstáit an Aontais agus le Poblacht na Moldóive a fhorbairt agus a leathnú go dtí 2030

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Acmhainneacht lóistíochta onnmhairiúcháin na hÚcráine a fhorbairt

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 11.2 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'An Straitéis a ghlacadh chun an Bonneagar Teorann le Ballstáit an Aontais agus le Poblacht na Moldóive a Fhorbairt agus a Leathnú go dtí 2030. Leis an Straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:

— *pointí trasnaithe teorann ar an teorainn leis an bPolainn, leis an tSlóvaic, leis an Ungáir agus leis an Rómáin a atógáil;*

— *líonra réimsí seirbhíse a chruthú;*

— *na nósanna imeachta um thrasnú teorainneacha a shimpliú (comhrialú a thabhairt isteach agus a dhigiteáil) i gcomhréir le caighdeáin an Aontais.'*

Is í Céim 11.2 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 11 (an t-iompar).

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip d'Ordú Uimh. 1337-p ó Chomh-Aireacht na nAirí *'Maidir le Formheas na Straitéise chun an Bonneagar Teorann le Ballstáit an Aontais agus le Poblacht na Moldóive a Fhorbairt agus a Leathnú go dtí 2030 agus formheas an phlean oibríochtúil maidir lena cur chun feidhme in 2024–2030'*, dar dáta an 24 Nollaig 2024;

(3) cóip den *'Straitéis chun an Bonneagar Teorann le Ballstáit an Aontais agus le Poblacht na Moldóive a Fhorbairt agus a Leathnú go dtí 2030'* mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 1337-p an 24 Nollaig 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 11.2.

Ghlac an Chomh-Aireacht Airí an Straitéis chun an Bonneagar Teorann le Ballstáit an Aontais agus le Poblacht na Moldóive a Fhorbairt agus a Leathnú go dtí 2030 le hOrdú Uimh. 1337-p an 24 Nollaig 2024. Dírítear sa Straitéis ar phointí trasnaithe teorann bóithre agus iarnróid a fhorbairt.

Dírítear sa Straitéis ar phointí trasnaithe teorann a atógáil ar na teorainneacha leis an Ungáir, leis an bPolainn, leis an Rómáin, leis an tSlóvaic agus le Poblacht na Moldóive. Is é is aidhm di 17 bpointe trasnaithe teorann a atógáil nó a nuachóiriú agus 12 phointe nua a thógáil ag na teorainneacha leis an Aontas. Tugtar tús áite inti freisin d'fhorbairt bonneagair teorann ar bhealaí an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T).

Pléann an Straitéis le líonra réimsí seirbhíse a chruthú. Tógfar iad sin ag na pointí trasnaithe teorann agus cuirfear seirbhísí bunúsacha ar fáil leo do dhaoine a thrasnaíonn iad, amhail bia, cúram leighis, trádáil, árachas, cóiríocht, cothabháil agus breosla d'fheithiclí, agus páirceáil. Beidh na réimsí seirbhíse feistithe le córais dhigiteacha chun trasnuithe teorann a shimpliú, amhail an córas eCherga, an 'Scuaine Trasnaithe Teorann Leictreonach'. Déanfar anailís ar riachtanais agus ar staid an bhonneagair atá ann cheana sula gcuirfear tús leis na hoibreacha ar an líonra.

Is é is aidhm don Straitéis na nósanna imeachta um thrasnú teorann a shimpliú (digiteáil agus rialú comhpháirteach a thabhairt isteach, a thuigtear mar rialú comhordaithe) i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Maidir leis an digiteáil, leathnaíodh raon feidhme eCherga, agus is é is aidhm don Straitéis an córas a thabhairt isteach chun scuainí feithiclí a bhainistiú ag gach pointe trasnaithe teorann. Ba cheart don Úcráin trealamh nua a thabhairt isteach freisin amhail córais físrialaithe, teicneolaíocht mheáigh-faoi-shiúl, agus scanadh, agus comhtháthú oibríochtúil na gcóras faisnéise agus cumarsáide uile a úsáidtear le linn oibríochtaí rialaithe á bhunú san am céanna.

Tá an Úcráin ag oibriú i dtreo comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích le rialtais Bhallstáit chomharsanachta de chuid an Aontais (an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic) a bhfuil rialuithe comhordaithe á mbunú acu i gcomhréir le caighdeáin an Aontais.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 12.1

Ainm na céime: An straitéis um thalmhaíocht agus um fhorbairt tuaithe go dtí 2030 a ghlacadh

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. An creat institiúideach maidir le talmhaíocht agus forbairt tuaithe a ailíniú le beartas an Aontais

Arna maoiniú le: iasachtaí

Comhthéacs

Is é seo an ceanglas le haghaidh Chéim 12.1 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'An Straitéis um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe go dtí 2030 a ghlacadh. Leis an straitéis dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:

— *beartais Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe na hÚcráine a chur in oiriúint do chomhthéacs réamhaontachais an Aontais agus do réimsí ar údar imní ar leith don Úcráin iad, amhail athchóiriú talún, uisciú, téarnamh cogaidh agus tacaíocht forbartha;*

— *neartú institiúideach agus fothú acmhainneachta chun na córais riachtanacha a fhorbairt;*

— *dlús a chur leis an bpróiseas chun gníomhartha agus acmhainneachtaí dlíthiúla maidir le talmhaíocht agraibhia agus bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chomhfhogasú do chaighdeáin an Aontais;*

— *an fhorbairt a chur chun cinn i measc táirgeoirí beaga agus pobail tuaithe;*

— *bonnlínte agus spriocanna maidir leis an gcomhshaol agus an gníomhú ar son na haeráide a shainiú, agus clársceidealú fianaisebhunaithe a fhorbairt, mar aon le hacmhainneachtaí um bainistiú agus rialú fónta airgeadais.'*

Is í Céim 12.1 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 12 (an earnáil agraibhia). Ina dhiaidh sin, tá Céim 12.2 (dlite faoi R1 2027) chun córas an líonra sonraí inbhuanaitheachta feirme a bhunú.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

1. doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

2. cóip d'Fhoraithne Uimh. 1163-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine *'Maidir le formheas na Straitéise um an Talmhaíocht agus Limistéir Thuaithe san Úcráin a Fhorbairt go dtí 2030 agus formheas an phlean oibríochtúil maidir lena cur chun feidhme in 2025–2027'*, dar dáta an 15 Samhain 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 12.1.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo tosaíochtaí náisiúnta straitéiseacha a fhorbairt, lena n-áirítear tosaíochtaí le haghaidh tuilleadh ailínithe le cleachtais, noirm agus rialacha an Aontais. Ghlac Comh-Aireacht na nAirí Foraithne Uimh. 1163-r *'Maidir le formheas na straitéise um an talmhaíocht agus limistéir thuaithe san Úcráin a fhorbairt go dtí 2030 agus formheas an phlean oibríochtúil maidir lena cur chun feidhme in 2025-2027'*, dar dáta an 15 Samhain 2024. Leagtar amach sa straitéis beartais talmhaíochta agus forbartha tuaithe lena réitítear an bealach i dtreo aontachas na hÚcráine don Aontas agus lena dtacaítear le hearnáil talmhaíochta iomaíoch, inbhuanaithe agus éagsúlaithe a fhorbairt. Dírítear inti ar athchóiriú talún, uisciú, téarnamh cogaidh agus tacaíocht forbartha. Is é is aidhm di saoráidí hiodrálacha a athchóiriú agus a fhorbairt a thuilleadh chun soláthar éifeachtúil uisce a áirithiú; mianaigh thalún a ghlanadh amach ó limistéir thalmhaíochta agus deireadh a chur le hiarmhairtí eile oibríochtaí míleata.

Áirítear sa straitéis agus ina plean oibríochtúil bearta chun cumas na hAireachta um Beartas Talúntais agus Bia a neartú maidir le hanailísíocht agus ceapadh beartas, agus maidir le comhtháthú san Aontas. Tá sé beartaithe leis an straitéis Clár Talúntais an Stáit a chomhtháthú i líonra sonraí talmhaíochta an Aontais, agus feabhas a chur ar idirghníomhaíocht Chlár Talúntais an Stáit agus institiúidí airgeadais na hÚcráine, lena n-áirítear an ciste um ráthaíochtaí páirteacha creidmheasa sa talmhaíocht. Beartaítear inti chomh maith: leasuithe reachtacha a dhéanamh chun gníomhaireacht íocaíochta a chruthú lena n-áiritheofar go n-íocfar tacaíocht stáit le táirgeoirí talmhaíochta ar bhonn tráthúil spriocdhírithe; córas feidhmiúil riaracháin agus rialaithe a chruthú le haghaidh íocaíochtaí limistéarbhunaithe; agus bearta éagsúla margaidh agus infheistíochta a chur chun feidhme.

Tá sé beartaithe leis an straitéis dlús a chur leis an ailíniú reachtach le caighdeáin an Aontais, agus tús áite á thabhairt do na ceanglais faoin gComhaontú Comhlachais. Tugtar tús áite inti do chomhfhogasú na reachtaíochta maidir le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Tá an comhfhogasú sin le déanamh in dhá chéim - an chéad cheann in 2025–2027 agus an dara ceann in 2028–2030.

Leis an straitéis cuirtear forbairt táirgeoirí beaga agus pobal tuaithe chun cinn. Go sonrach, beartaítear léi nós imeachta simplithe agus aontaithe a ghlacadh maidir le rannpháirtíocht i gcláir bhuiséid agus maidir le hathdháileadh íocaíochtaí i bhfabhar táirgeoirí beaga, agus maidir le rochtain ar thalmhaíocht dhigiteach a shimpliú chun an táirgiúlacht feirme a mhéadú agus chun an úsáid ceimiceán a optamú. Beartaítear léi freisin clár náisiúnta a fhorbairt chun limistéir thuaithe a fhorbairt in 2025 faoi fhreagracht na hAireachta um Beartas Talúntais agus Bia, agus prionsabail chlár LEADER an Aontais á gcur san áireamh.

Leagtar amach sa straitéis agus sa phlean oibríochtúil bonnlínte agus spriocanna maidir leis an gcomhshaol agus le gníomhú ar son na haeráide go dtí 2030. Beidh siad sin ina mbunús le clársceidealú fianaisebhunaithe, bainistiú airgeadais agus acmhainneachtaí rialaithe. Áirítear leo spriocanna agus tionscnaimh chun méid na dramhaíola talmhaíochta athchúrsáilte agus méid na dramhaíola ó thionscal an bhia phróiseáilte a mhéadú; dlús na limistéar talmhaíochta; sciar na talún talmhaíochta lena mbaineann táirgeadh orgánach; agus chun an coimpléasc uiscithe a fhorbairt. Ba cheart na spriocanna agus na tionscnaimh sin uile éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide a mhaolú.
Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 12.5

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le Clár Talúntais an Stáit
Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 4. Feabhas a chur ar chlár leictreonach poiblí oifigiúil na bhfeirmeacha
Arna maoiniú le: iasachtaí
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas maidir le Céim 12.5 a dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'Teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine "Maidir le Clár Talúntais an Stáit". Dírítear leis an dlí ar na príomhréimsí seo a leanas:* — *aithnítear Clár Talúntais an Stáit (SAR) mar chlár leictreonach poiblí oifigiúil i réimse an bheartais talúntais agus na slándála bia lena mbaineann rialáil eilimintí sainordaitheacha dá chuid, mar atá, an nós imeachta chun é a riar, a shonraí a shainiú, agus rochtain tríú páirtithe;* — *leathnaítear cumhdach SAR chun faisnéis a chlárú agus a chur san áireamh maidir le páirtithe leasmhara sna slabhraí luacha talmhaíochta ar fad trí chéile, mar atá, táirgeoirí talmhaíochta, próiseálaithe bia, úsáideoirí uisce;* — *tá feidhmiúlacht SAR leathnaithe sa chaoi go mbeidh sé ina réamhchoinníoll le haghaidh cúnamh airgeadais agus go gcumasófar leis cúnamh teicniúil agus seirbhísí riaracháin eile a threorú ar bhealach spriocdhírithe, agus faisnéis anailíseach a thabhairt isteach;* — *is réamhchoinníoll é clárú in SAR chun aon chineál tacaíochta poiblí a fháil san earnáil agraibhia;* — *clár na dtairbhithe a thairbhíonn d'aon chlár tacaíochta stáit san earnáil a chuirtear chun feidhme trí SAR a fhoilsiú ar bhonn sainordaitheach.'* Is í Céim 12.5 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 de Chaibidil 12 (an earnáil agraibhia). Ina dhiaidh sin, tá Céim 12.6 (dlite faoi R1 2026) maidir le tuarascáil a fhoilsiú ar chur chun feidhme tacaíochta stáit tríd an gClár Talmhaíochta poiblí.
An fhianaise a cuireadh ar fáil (1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún; (2) cóip de Dhlí Uimh. 3980-IX na hÚcráine *'Maidir leis an gCóras Faisnéise agus Cumarsáide "Clár Talúntais an Stáit"'*, dar dáta an 19 Samhain 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 12.5.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo faoin bPlean clár leictreonach poiblí oifigiúil na bhfeirmeacha (SAR) a chur ar bhonn foirmiúil agus feabhas a chur air. Ghlac parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 3980-IX na hÚcráine an 19 Meán Fómhair 2024 *'Maidir leis an gCóras Faisnéise agus Cumarsáide "Clár Talúntais an Stáit"*. Tháinig an Dlí i bhfeidhm an 18 Eanáir 2025.

Leagtar amach sa Dlí an bunús dlíthiúil, eagraíochtúil agus airgeadais atá le cruthú agus feidhmiú SAR. Aithnítear SAR go hoifigiúil mar chlár leictreonach poiblí oifigiúil laistigh de réimse an bheartais talúntais agus na slándála bia. Sainordaítear leis an Dlí go bhfuil faisnéis an chláir ar oscailt don phobal. Rialaítear leis an Dlí na nósanna imeachta a bhaineann le riarachán SAR agus tá sainmhínithe ann ar shonraí agus ar rochtain ag tríú páirtithe.

Tá cumhdach SAR leathnaithe chun faisnéis faoi pháirtithe leasmhara ar fud an tslabhra luacha talmhaíochta ina iomláine a chur san áireamh. Leis an bhfeidhmiúlacht atá aige, is féidir cúnamh teicniúil agus seirbhísí riaracháin eile a spriocdhíriú agus faisnéis anailíseach a thabhairt isteach. Tá sé éigeantach anois clárú in SAR chun gur féidir tacaíocht stáit, tacaíocht ó bhuiséid áitiúla, cúnamh teicniúil idirnáisiúnta, deontais talmhaíochta agus cláir chúnaimh eile a sholáthar. Tá sé éigeantach de réir an Dlí faisnéis SAR a fhoilsiú maidir le tairbhithe a fhaigheann tacaíocht airgeadais.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil

Céim 13.1

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta um Fhorbairt Bhonn Acmhainní Mianracha na hÚcráine go dtí 2030

Athchóiriú/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Pleanáil straitéiseach a neartú agus an creat is fearr is féidir a áirithiú le haghaidh infheisteoirí straitéiseacha

Arna maoiniú le: tacaíocht neamh-inaisíoctha

Comhthéacs

Is é seo an ceanglas le haghaidh Chéim 13.1 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún:

'Teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine maidir le Leasuithe ar an gClár Náisiúnta um Bonn Acmhainní Mianraí na hÚcráine a fhorbairt le haghaidh na tréimhse suas le 2030. Dírítear leis an dlí ar na príomhréimsí seo a leanas: – Ciste Cúiteach Stáit a thabhairt isteach le haghaidh limistéar geolaíoch; – tosaíocht a thabhairt do spriocanna an limistéir eastósctha i gcomhréir le Straitéisí an Aontais; téarmaí na n-amhábhar straitéiseach agus criticiúil a shainiú, an gá atá le measúnú rialta modheolaíochta riosca a dhéanamh ar leibhéal slándála a soláthair, agus grúpa tíortha comhpháirtíochta a shainiú.'

Is í Céim 13.1 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 13 (bainistíocht amhábhar criticiúil). Ina dhiaidh sin, tá Céim 13.2 (dlite faoi R1 2025) maidir le tuarascáil a fhoilsiú ar fhíorú chistí amhábhar criticiúil na hÚcráine trí úsáid a bhaint as an gcóras aicmiúcháin idirnáisiúnta. Cuirtear na torthaí ar fáil d'infheisteoirí.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún;

(2) cóip de Dhlí Uimh. 4154-IX na hÚcráine *'Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Nuashonrú a Dhéanamh ar an gClár Náisiúnta um Fhorbairt Bhonn Acmhainní Mianracha na hÚcráine le haghaidh na Tréimhse go dtí 2030 agus maidir le Rialáil Saincheisteanna Áirithe maidir le Mianraí agus Comhpháirteanna a bhfuil Tábhacht Straitéiseach agus Chriticiúil leo'*, dar dáta an 18 Nollaig 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil na gnéithe bunaitheacha uile a bhaineann le Céim 13.1.

Is é is cuspóir foriomlán don athchóiriú seo infheistíocht a mhealladh chun amhábhair chriticiúla a eastóscadh agus a phróiseáil. Ghlac parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 4154-IX na hÚcráine maidir le *'Leasuithe ar an gClár Náisiúnta um Fhorbairt Bhonn Acmhainní Mianracha na hÚcráine le haghaidh na Tréimhse go dtí 2030'*, dar dáta an 18 Nollaig 2024. Tháinig an Dlí i bhfeidhm an 17 Eanáir 2025.

Is é is aidhm don Chlár Náisiúnta um Fhorbairt an Bhoinn Acmhainní Mianracha tacaíocht eolaíoch ardghairmiúil a sholáthar maidir le gach cineál taiscéalaíochta geolaíche agus gach céim di agus modheolaíochtaí úrscothacha a fhorbairt i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse sin. Cuirfidh sé sin feabhas nach beag ar a n-éifeachtúlacht agus ar a gcáilíocht agus áiritheofar forbairt inbhuanaithe leis.

Leis an Dlí tugtar isteach Ciste Cúiteach Stáit le haghaidh limistéar geolaíoch, agus a fhoinsí buiséadaithe á sonrú. Meastar gurb é a bheidh i gceist le cur chun feidhme an chláir forghníomhú na mbeart a leagtar amach sa Mheabhrán Tuisceana idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach i réimse na nAmhábhar a tugadh i gcrích an 13 Iúil 2021.

Leasaítear leis an Dlí Cód na hÚcráine um Fho-ithir (an Cód) maidir le bunú liosta na mianraí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus liosta na mianraí agus na gcomhpháirteanna ar den ríthábhacht iad. I bhforálacha nua a tugadh isteach leis an gCód, leagtar amach na coinníollacha maidir le mianta miotail agus mianraí neamh-mhiotalacha agus a gcomhpháirteanna úsáideacha a áireamh i liostaí na mianraí agus na gcomhpháirteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach agus chriticiúil leo.

Sonraítear sa Dlí go bhformheasfaidh Comh-Aireacht na nAirí an méid seo a leanas, ag gníomhú dó ar thogra ón gcomhlacht feidhmiúcháin lárnach: an mhodheolaíocht chun mianraí a chur san áireamh i liostaí mianraí a bhfuil tábhacht straitéiseach agus chriticiúil leo; measúnú ar chriticiúlacht an riosca go gcuirfí isteach ar sholáthar na n-amhábhar mianraí ábhartha agus/nó na dtáirgí a phróiseáiltear ó na hamhábhair mhianracha sin; agus tá moltaí maidir le bearta chun cosc a chur ar an riosca go gcuirfí isteach ar a soláthar le formheas ag Comh-Aireacht na nAirí ar thogra a bheith curtha isteach ag an gcomhlacht feidhmiúcháin lárnach.

Déantar comhar le tíortha comhpháirtíochta a áirithiú agus a chur chun cinn. An comhlacht feidhmiúcháin a chuireann beartas an stáit maidir le taighde geolaíoch i bhfeidhm, glacfaidh sé páirt i ngníomhaíochtaí Chumann Suirbhéanna Geolaíochta ar Thíortha na hEorpa. Cuirfear gníomhaíochtaí an Mheabhráin Tuisceana leis an Aontas agus na comhaontuithe le tíortha eile chun feidhme mar chuid den chlár.

Measúnú ón gCoimisiún: comhlíonta go sásúil